Tá **Ard-Mhúsaem na hÉireann (AMÉ)** ag lorg iarratas ó iarrthóirí oiriúnacha chun post mar **Chúntóir Tionscadail – clár iCAN (Oifigeach Feidhmiúcháin)** a líonadh ar chonradh **trí mhí dhéag (13)** lánaimseartha, sainchuspóra (clúdach máithreachais). Líonfar an post seo trí agallaimh iomaíocha oscailte a dhéanamh.

### Teideal an Phoist

Cúntóir Tionscadail - Clár iCAN (Oifigeach Feidhmiúcháin)

### Suíomh

Is ról hibrideach é seo, ag obair ar líne agus laistigh den phobal.Beidh ar an iarrthóir rathúil freastal go pearsanta ar chruinnithe le hOifigeach Forbartha iCAN, uair sa mhí ag Ard-Mhúsaem na hÉireann – Saol na Tuaithe, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo nó, uaireanta, ag ceann de na trí shuíomh Iarsmalainne i mBaile Átha Cliath.

### Ag obair faoi

Oifigeach Forbartha iCAN, An Roinn Oideachais agus For-rochtana.

### Cuspóir an Phoist

Is clár teagmhála pobail é Líonra Cartlann Pobail na hÉireann (iCAN) arna thionscnamh agus arna sheachadadh ag Ard-Mhúsaem na hÉireann i gcomhar le roinnt comhpháirtithe straitéiseacha, lena n-áirítear an Chomhairle Oidhreachta, Údaráis Áitiúla agus grúpaí pobail.

Tacaíonn foireann iCAN le hoibrithe deonacha pobail agus le gairmithe oidhreachta chun suíomhanna gréasáin cartlainne pobail a bhunú agus a choinneáil ar bhonn leanúnach; tá 46 suíomh gréasáin ball sa Líonra faoi láthair.

Tá Ard-Mhúsaem na hÉireann ag lorg duine oiriúnach chun cabhrú le forbairt agus soláthar clár, agus le leathnú náisiúnta an phríomhthionscadail chomhpháirtíochta seo.

Beidh ar an iarrthóir rathúil oibriú ar líne agus go pearsanta chun an clár iCAN a sholáthar do phobail agus do chomhpháirtithe rannpháirteacha.

Tá an post seo lánaimseartha agus faoi réir promhaidh 6 mhí. Beidh uaireanta oibre solúbtha ann mar aon le hobair ar thráthnónta agus ag deireadh na seachtaine ó am go chéile.

Beidh ar an iarrthóir rathúil freastal go pearsanta ar chruinnithe le hOifigeach Forbartha iCAN, uair sa mhí ag Ard-Mhúsaem na hÉireann – Saol na Tuaithe, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo nó, uaireanta, ag ceann de na trí shuíomh Iarsmalainne i mBaile Átha Cliath.

### Dualgais agus Freagrachtaí

- Cuidiú le comhordú agus le seachadadh chlár iCAN i gcomhar le ballghrúpaí agus le heagraíochtaí comhpháirtíochta.
- Cláir oiliúna agus acmhainní iCAN a fhorbairt, a sheachadadh agus a mheasúnú.
- Cuidiú le Straitéis Cumarsáide iCAN a fhorbairt agus a sheachadadh

- Suíomh Gréasáin iCAN 'Ár n-Oidhreacht Éireannach' a riar agus a fhorbairt tuilleadh
- www.ouririshheritage.org, agus cainéil na meán sóisialta
- Bainistiú tionscadail a dhéanamh maidir le príomhthionscadail/imeachtaí ar théamaí a bhaineann le hobair bhaill phobal iCAN.
- Cuir i láthair a ullmhú agus a sholáthar do lucht féachana agus páirtithe leasmhara inmheánacha agus
- seachtracha.
- Tuarascálacha agus coimrí i scríbhinn a chumadh de réir mar is gá.
- Aon dualgais agus freagrachtaí eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

## Sonraíocht phearsanta:

### *Riachtanach*

- Fianaise chruthaithe a bheith ag obair le grúpaí pobail agus/nó rannphháirtíocht
- pobail/forbairt pobail
- Eolas ar stair na hÉireann/stair shóisialta/stair bhéil
- Scileanna idirphearsanta agus cumarsáide den scoth; scileanna láidre riaracháin, bainistíochta tionscadail agus anailíse.
- Cumas cinnteoireachta agus géarchúis na freagrachta.
- Scileanna sármhaithe láithreoireachta, agus taithí ar oiliúint a fhorbairt agus a sheachadadh do spriocluchtanna éagsúla.
- Scileanna sármhaithe TF mar aon le heolas oibre maith ar phacáistí bogearraí amhail Word agus Outlook, agus ar ardáin na meán sóisialta.
- An cumas obair a dhéanamh faoi bhrú agus chun déileáil le cásanna dúshlánacha ar bhealach dearfach.
- Ní mór rochtain láidir agus iontaofa ar an idirlíon a bheith aige/aici.
- Ní mór iompar féin agus ceadúnas tiomána iomlán glan a bheith agat.

### *Inmhianaithe*

- Taithí ar obair a dhéanamh in earnáil na hoidhreachta cultúrtha nó i gcartlanna pobail nó sa dá earnáil.
- Taithí ar WordPress.
- Taithí ar réimsí na hionchuimsitheachta agus na héagsúlachta.
- Eolas agus taithí ar oibriú in earnáil na músaem, go háirithe sna
- réimsí foghlama agus bailiúchán.
- Inniúlacht ar an nGaeilge.

**SPRIOC-AM AGUS AN SPRIOCDHÁTA Cloífear go docht leis an spriocdháta agus sprioc-am.**
Tabhair faoi deara nach mbreithneofar iarratais don phost seo ach ar bhonn na Foirme Iarratais atá curtha ar fáil mar aon le CV agus litir Iarratais. Beidh sonraí teagmhála triúr moltóirí de dhíth má théann iarratasóir ar aghaidh chuig an gcuid níos déanaí den phróiseas earcaíochta
**Beidh dícháiliú ina thoradh ar chanbhasáil.**

## Príomhchoinníollacha seirbhíse

**Pá:**

Is é seo a leanas scála tuarastail an phoist seo Scála Leibhéal Grád RPP an Oifigigh Feidhmiúcháin (Ranníocaíocht Phinsin Phearsanta) (Comhaontú Seirbhíse Poiblí 2024-2026 – 01 Márta 2025 – Níos mó de 2% nó €1000)

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| €37,544 | €39,465 | €40,550 | €42,667 | €44,564 | €46,400 | €48,229 |
| **1** | **2** | **3** | **4** | **5** | **6** | **7** |
| €50,019 | €51,848 | €53,670 | €55,604 | €56,900 | €58,748 | €60,610 |
| **8** | **9** | **10** | **11** | **12 NMAX** | **13 LSI1*** | **14 LS12**** |

Faoi réir feidhmíocht shásúil, d'fhéadfadh sé go mbeadh incrimintí iníoctha de réir Bheartas reatha an Rialtais.

* Tar éis 3 bliana de sheirbhís shásúil ar phá uasta
**Tar éis 6 bliana de sheirbhís shásúil ar phá uasta

**Tuarastal Tosaigh**
Beidh iontráil ag íosmhéid an scála - **€37,544** in aghaidh na bliana, an 1ú pointe ar Scála RPP Grád Leibhéal an Oifigigh Fheidhmiúcháin (Comhaontú Seirbhíse Poiblí 2024-2026 – 01 Márta 2025 – Níos mó de 2% nó €1000). Féadfar an ráta luach saothair a choigeartú ó am go chéile de réir bheartas pá an Rialtais.

**Fad na Fostaíochta**
Beidh an ceapachán i gcáil phromhaidh ar feadh tréimhse sé mhí. Ag brath ar chríochnú rathúil na tréimhse promhaidh, tairgfear conradh téarma seasta ar feadh seacht mí eile. Féadfar an conradh a fhoirceannadh ag am ar bith ag ceachtar den dá thaobh de réir na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 agus 1991.

**Saoire bhliantúil**
Beidh **23** lá oibre ann mar shaoire bhliantúil sa bhliain. Tá an tsaoire sin bunaithe ar sheachtain cúig lá agus ní áirítear léi na gnáth-laethanta saoire poiblí.

**Uaireanta Tinrimh**
Socrófar uaireanta tinrimh ó am go chéile de réir comhaontuithe lárnacha ach ní bheidh siad níos lú ná 43.25 uair an chloig comhlán in aghaidh na seachtaine (35 ghlanuair an chloig in

